



An Bhruiséil, 30.8.2013
COM(2013) 611 final

2013/0297 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is é príomhchuspóir bheartas iompair an Aontais Eorpaigh margadh inmheánach iompair a chur ar bun trí chomhbheartais a fhorbairt chun cur le hardleibhéal iomaíochais agus le forbairt chomhchuí chothromúil inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha. Tá bunú fiormhargaidh inmheánaigh ríthábhachtach chun an earnáil iarnróid a athbheochan agus beidh sé ina chabhair chun na seirbhísí a bhaineann le hiompar lasta agus seirbhísí iompair do phaisinéirí a dhéanamh níos iomaíche agus níos tarraingtí, agus chun cur lena gcion módach d'iompar.

Ghlac an Coimisiún Eorpach treochlár in 2011, (Páipéar Bán - 'Treochlár i dtreo Limistéir Iompar Eorpach Aonair – I dtreo córais iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní') ina raibh 40 tionscnamh nithiúil don deich mbliana ina dhiaidh sin chun córas iompair iomaíoch a thógáil a chuirfeadh le soghluaiseacht, a bhainfeadh mórbhacainní i bpríomhréimsí agus a chuirfeadh borradh faoin bhfás agus faoin bhfostaíocht. Ag an am céanna, leis na tograí sin dhéanfaí laghdú suntasach ar spleáchas na hEorpa ar ola allmhairithe agus ghearrfaí astaíochtaí carbóin san iompar faoi 60% faoin mbliain 2050. De réir an Pháipéir Bháin, ar ceann de na coinníollacha chun Limistéir Iompair Eorpach Aonair a chur ar bun tá Limistéir Eorpach Aonair *Iarnróid* a chruthú, rud is féidir a dhéanamh tríd an margadh a léirscaoileadh, lena n-áirítear ról níos mó a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid i réimse na sabháilteachta iarnróid, go háirithe ó thaobh maoirseacht a dhéanamh ar bhearta sabháilteachta náisiúnta agus oibriú chun iad a chomhchuihiú de réir a chéile.

Tá fáil thráthúil ar staidreamh mionsonraithe maidir le hiompar d'iarnród ag éirí níos tábhachtaí agus dlús ag teacht le ceapadh beartais ar bhonn fianaise sa Choimisiún agus an gá atá le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ar na spriocanna arna leagan amach sa Pháipéar Bán.

Tá staidreamh Eurostat maidir le hiompar d'iarnród bunaithe go príomha ar Rialachán CE Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (16 Nollaig 2002), ar Rialachán (CE) Uimh. 1192/2003 ón gCoimisiún agus ar Rialachán (CE) Uimh. 332/2007 ón gCoimisiún. Cumhdaítear leis na Rialacháin sin iompar paisinéirí agus lasta d'iarnród, chomh maith le sabháilteacht iarnróid.

Tá gá ag an gCoimisiún le staidreamh maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród chun faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas iompair agus chun é a fhorbairt.

Tá gá le staidreamh mionsonraithe maidir le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus le faisnéis faoi idirmhódúlacht chun faireachán a dhéanamh ar na spriocanna a leagadh amach i bPáipéar Bán 2011 ón gCoimisiún.

Ní fhaightear ón tuairisciú simplithe maidir le hearraí agus paisinéirí ach figiúirí comhiomlánaithe (iomlán na n-earraí arna n-iompar faoi chineál na n-earraí agus líon iomlán na bpaisinéirí arna n-iompar). Ní ann d'aon mhiondealú mionsonraithe ar an méid seo a leanas, mar shampla: tír bhordála/ tír lódála, ná tír dhíbhordála/ tír dhílóidála; earraí arna n-iompar in aonaid iompair idirmhódúla, de réir an chineáil iompair agus de réir chineál an aonaid iompair; earraí arna n-iompar, de réir catagóire earraí dainséaracha; agus líon na n-aonad iompair idirmhódúla lódáilte arna n-iompar, de réir an chineáil iompair agus de réir chineál an aonaid iompair;

Is príomhthosaíocht iad tionóiscí i mbeartas iompair an AE anois, mar aon leis na héifeachtaí neamh-inmhianaithe eile ar iompar: brú tráchta, truailiú, glór agus astaíochtaí CO₂. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach sonraí a bhailiú agus a scaipeadh maidir le tionóiscí, básanna, dochair thromchúiseacha agus díobháil a dhéantar don timpeallacht (trí earraí dainséaracha a dhoirteadh agus iad á n-iompar) i dtaca le gach modh iompair: de bhóthar, d'iarnród, ar bhealaí uisce intíre, ar muir agus san aer.

Is faoi Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 maidir le hiompar lasta d'iarnród a bailíodh sonraí faoi thionóiscí iarnróid go dtí seo; bailíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) iad freisin faoin Iarscríbhinn Staidrimh a ghabhann le Rialachán 2009/149/CE maidir le sábháilteacht iarnróid.

Ag teacht leis an gceanglas staidreamh oifigiúil a bheith ábhartha, i.e. go sásódh siad na riachtanais atá ag úsáideoirí reatha agus ionchasacha, déantar leis an togra athbhreithniú ar an mbunús dlí atá ann faoi láthair agus simpliú ar na ceanglais i gcomhair soláthair sonraí.

Cuirtear san áireamh freisin an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na n-úsáideoirí agus an t-ualach atá ar na freagróirí agus ar na institiúidí náisiúnta staidrimh.

Rinneadh anailís theicniúil ar leibhéal na hEorpa ar na sonraí a bailíodh faoin reachtaíocht Eorpach maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród agus ar an mbeartas scaipthe, chun réitigh theicniúla a d'fhéadfaí a úsáid a mholadh chun na gníomhaíochtaí éagsúla is gá chun staidreamh a tháirgeadh a shimpliú a mhéid agus is féidir, agus an t-aschur deiridh a choimeád i gcomhréir le riachtanais an úsáideora anois agus amach anseo.

Sa tslí sin, tá sé mar sprioc leis an togra Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 a mhodhnú chun an creat reachtach atá ann faoi láthair maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród a thabhairt cothrom le dáta, a shimpliú agus a bharrfheabsú agus chun é a chomhfhogasú leis an gcomhthéacs nua institiúideach.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Ag tús 2010, iarradh ar Thascfhórsa um Staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród anailís theicniúil a dhéanamh ar an mbeartas atá ann faoi láthair i dtaca le sonraí a bhailiú agus a scaipeadh, faoin reachtaíocht Eorpach maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród. Saineolaithe ab iad na baill den Tascfhórsa le saineolas ar an reachtaíocht atá ann cheana agus ar na córais náisiúnta chun staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród chomh maith le nósanna nua i bhforbairt iompair d'iarnród a bhailiú agus a thiomsú.

D'eisigh an Tascfhórsa togra chun Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 a shimpliú. Beidh sé d'éifeacht ag an togra go laghdófar an t-ualach ar na Ballstáit agus ar fhreagróirí gan puinn cailliúna i gcailíocht na sonraí i dtaca le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród agus go gcuirfead feabhas ar na hamlínte chun sonraí i dtaca le hiompar paisinéirí d'iarnród a scaipeadh.

Pléadh an togra le tomhaltóirí agus le húsáideoirí sonraí ar leibhéal teicniúil, i ngrúpaí oibre i dtaca le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród agus leis an nGrúpa Comhordaitheach do Staidreamh Iompair, i gcomhthéacs an Chórais Staidrimh Eorpaigh. Chuathas i mbun comhairliúchán laistigh den Choimisiúin freisin le hArdstiúrthóireacht MOVE.

Is toradh ar dhianchaibidlíocht idir na páirtithe leasmhara go léir é an togra seo.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Cumhdaítear na hathruithe seo a leanas sa togra:

(1) Sonraí faoi iompar paisinéirí

Ag teacht le hIarscríbhinn C agus le hIarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, tá sé de cheangal ar thíortha faoi láthair staidreamh bliantúil maidir le hiompar paisinéirí a sholáthar le tuairisciú mionsonraithe agus/nó le tuairisciú simplithe. Meastar gur debhríoch agus neamhréireach an tslí a scaiptear sonraí i dtaca le hiompar paisinéirí faoi láthair toisc spriocdhátaí éagsúla a bheith ann chun táblaí ar thuairisciú simplithe agus táblaí ar thuairisciú mionsonraithe a thraschur. Ina theannta sin, ní foláir roinnt sonraí sealadacha (Táblaí C1 agus C2) agus figiúirí roghnacha (Tábla C1 – paisinéir-km) maidir le hiompar paisinéirí a sholáthar laistigh den spriocdháta ceánna atá ann do shonraí simplithe – ocht mí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha.

Tá sé beartaithe Iarscríbhinn D (tuairisciú simplithe) agus na Táblaí sealadacha C1 agus C2 in Iarscríbhinn C a scríosadh, agus an spriocdháta chun na sonraí críochnaitheacha maidir le paisinéirí a tharraingt siar ó 14 mhí go 8 mí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha. Sa tslí sin beidh sonraí ar fáil níos luaithe.

(2) Sonraí faoi iompar earraí

Ar mhaithe le comhsheasmhacht, tá sé beartaithe freisin Iarscríbhinn B (tuairisciú simplithe) a scríosadh.

(3) Iarscríbhinn Nua

Toisc go bhfuil sé beartaithe go gcuirfí deireadh le tuairisciú ‘simplithe’ mar a thuigtear faoi láthair í, i gcomhair na dtionscnamh is lú faoi na tairsigh shonraithe, bheadh ar na Ballstáit figiúr ‘iomlán’ i dtaca le táscairí comhiomlána in Iarscríbhinn L a thuairisciú.

(4) Sonraí faoi thionóiscí

Toisc go mbailíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid sonraí faoi thionóiscí freisin, tá sé beartaithe Iarscríbhinn H (staidreamh faoi thionóiscí) a scríosadh.

(5) Iarscríbhinn I

Toisc go dtiocfaidh deireadh le tuairisciú ‘simplithe’ mar a thuigtear í, tá sé beartaithe an Iarscríbhinn sin a scríosadh mar ní úsáidtear í ach amháin chun an tuairisceoireacht i dtaca le tuairisciú simplithe agus tuairisciú mionsonraithe maidir le hiomlán gníomhaíochtaí iarnróid gnóthas a bhailíochtú.

(6) Tairseacha

Suítear na tairseacha mar atá siad faoi láthair do thona-km agus paisinéir-km, i.e. iolrú tonai/ paisinéirí arna n-iompar faoin achar arna thaisteal i gciliméadair.

Toisc nach bhfuil ach achair ghearra i gceist le gníomhaíocht shuntasach iarnróid i roinnt de na Ballstáit, tá sé beartaithe na tairseacha d'earraí agus do phaisinéirí a laghdú, chun a laghad sonraí tábhachtacha agus is féidir a chailleadh. Ar an gcúis chéanna, tá sé beartaithe go mbeadh tairseach dúbailte d'earraí ann i dtaca le tonaí arna n- iompar agus i dtaca le tona-km.

(7) Sonraí faoi idirthuras

Ar mhaithe le comhchuibheas, tá sé beartaithe go n-úsáidfi faisnéis ón 'mBille Iompair Iarnróid' (más ann dó) nuair is iad na sonraí riaracháin atá in úsáid mar fhoinsé sonraí.

(8) Maidir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún¹, tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún² athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha reachtacha a bhfuil tagairtí iontu faoi láthair don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú, chun iad a oiriúnú do na critéir atá leagtha síos sa Chonradh.

(9) Ar deireadh, sa leasú atá beartaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 cuirtear san áireamh na coigeartuithe is gá ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cumhachtaí tarmligthe agus cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh') déantar idirdhealú idir na cumhachtaí arna dtarmligeán chuig an gCoimisiún gníomhartha neamhrechtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh nó eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach a fhorlíonadh mar atá leagtha síos in Airteagal 290(1) den CFAE (gníomhartha tarmligthe), agus na cumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún coinníollacha aonfhoirmeacha a ghlacadh chun gníomhartha de chuid an Aontais atá ina gceangal dlí a chur chun feidhme mar atá leagtha síos in Airteagal 291(2) den CFAE (gníomhartha cur chun feidhme).

4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais.

5. FAISNÉIS BHREISE

Ní bheidh aisghairm ar aon reachtaíocht atá ann cheana mar thoradh ar ghlacadh an togra.

¹ IO L 55, 28.2.11, lch. 13.

² IO L 55, 28.2.11, lch. 19.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród³ bunaítear comhchreat chun staidreamh inchomparáide i ndáil le hiompar d'iarnród san Aontas a tháirgeadh, a tharchur, a mheasúnú agus a scaipeadh.
- (2) Tá gá le staidreamh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí d'iarnród ionas go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas iompair agus é a fhorbairt, mar aon le gnéithe iompair na mbeartas a bhaineann leis na réigiúin agus na gréasáin tras-Eorpacha.
- (3) Tá gá le staidreamh freisin i ndáil le sábháilteacht iarnróid ionas go bhféadfaidh an Coimisiún bearta an Aontais i réimse na sábháilteachta iarnróid a ullmhú agus faireachán a dhéanamh orthu. Bailíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid sonraí faoi thionóiscí faoi réir na hIarscríbhíne Staidrimh a ghabhann le Treoir 2004/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sábháilteacht ar iarnróid an Chomhphobail i dtaca le táscairí sábháilteachta comhchoiteanna agus maidir le modhanna comhchoiteanna chun costais tionóisce a ríomh.
- (4) I gcás fhormhór na mBallstát a bhíonn ag tarchur sonraí paisinéirí chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 91/2003, is minic a

³ Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, IO L 14, 21.1.2003, lch. 1.

sholáthraíonn siad na sonraí céanna do na tacair sonraí shealadacha agus dheiridh araon.

- (5) Ba cheart go mbeadh cothromaíocht idir riachtanais na n-úsáideoirí agus an t-ualach a chuirtear ar fhreagróirí agus staidreamh Eorpacha á soláthar acu.
- (6) Tá anailís theicniúil déanta ag Eurostat ar na sonraí atá ann cheana féin maidir le staidreamh iarnróid arna bhailiú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus ar an mbeartas scaipthe, ina Ghrúpa Oibre agus sa Tascfhórsa maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, chun na gníomhaíochtaí éagsúla is gá chun staidreamh a tháirgeadh a shimpliú a mhéid agus is féidir, agus an t-aschur deiridh a choimeád i gcomhréir le riachtanais an úsáideora anois agus amach anseo.
- (7) Sa tuarascáil a chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar an taithí a fuarthas agus Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 á chur i bhfeidhm, luann an Coimisiún gurb é an toradh is dócha a bheidh ar fhorbairtí fadtéarmacha scriosadh nó simpliú na sonraí atá bailithe cheana féin de réir an Rialacháin agus gurb é atá beartaithe an tréimhse chun sonraí a tharchur a laghdú i ndáil le sonraí bliantúla faoi phaisinéirí iarnróid.
- (8) Le Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ón gComhairle tugtar cumhachtaí don Choimisiún roinnt d'fhorálacha an Rialacháin sin a chur chun feidhme. Mar thoradh ar theacht i bhfeidhm an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh'), caithfear na cumhachtaí atá tugtha don Choimisiún faoin Rialachán sin a chomhfhogasú le hAirteagal 290 agus le hAirteagal 291 den CFAE.
- (9) Chun na forbairtí nua sna Ballstáit a léiriú ach ag an am céanna chun go leanfar le bailiú comhchuíbhithe sonraí iarnróid ar fud an Aontais, agus d'fhonn ardcháilíocht na sonraí arna dtarchur ag na Ballstáit a chaomhnú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh, d'fhonn na sainmhínte agus na tairseacha maidir le tuairisciú agus inneachar na nIarscríbhinní a oiriúnú, agus d'fhonn an fhaisnéis atá le soláthar a shonrú.
- (10) Tá sé rithábhachtach go rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí mar chuid den obair ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéantar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhonn comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (11) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe sin ualach riaracháin breise suntasach ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.
- (12) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 91/2003, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le sainiú na faisnéise atá le soláthar le haghaidh na dtuarascálacha ar cháilíocht agus inchomparáideacht na dtorthaí. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail

ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún⁴.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar seo a leanas:

(a) I mír 1, scriostar na pointí 24 - 30.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 d’fhonn na sainmhínte teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a oiriúnú agus sainmhínte breise a sholáthar nuair is gá chun forbairtí nua a chur san áireamh dá dteastaíonn leibhéal áirithe sonraí teicniúla a shainiú chun comhchuibheas staidrimh a áirithiú.’

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) I mír 1, scriostar pointí b, d agus h.

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcomhréir le hIarscríbhinn A agus le hIarscríbhinn C, déanfaidh na Ballstáit tuairisciú ar shonraí maidir le gnóthais:

(a) a bhfuil méid iomlán 200 milliún tona-km ar a laghad nó 500 000 tona ar a laghad acu d’iompar earraí ;

(b) a bhfuil méid iomlán 100 milliún paisinéir-km ar a laghad acu d’iompar paisinéirí.

(c) Faoi na tairseacha sin tá tuairisciú mar rogha in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn C.’

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. De réir Iarscríbhinn L, soláthróidh na Ballstáit na sonraí iomlána maidir le gnóthais faoin tairseach dá dtagraítear i mír 2 mura ndéantar tuairisciú ar na sonraí sin de réir Iarscríbhinn A nó de réir Iarscríbhinn C, mar atá sonraithe in Iarscríbhinn L.’

⁴ IO L 55, 28.2.11, lch. 13.

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 10, maidir le hinneachar na nIarscríbhinní agus na dtairseach chun tuairiscithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a oiriúnú, d’fhonn forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh.’

(e) Cuirtear isteach mír 6 seo a leanas:

‘6. Áiritheoidh an Coimisiún, le linn dó a chumhacht a fheidhmiú de bhun na míre seo, nach gcuirfidh aon ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh ualach suntasach riaracháin breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.’

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (b) d'Airteagal 5(2):

‘(b) sonraí riaracháin, lena n-áirítear sonraí arna mbailiú ag údaráis rialála, go háirithe an bille iompair lasta iarnróid má tá sé ar fáil’.

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

‘Airteagal 7

Scaipeadh

Scaipfidh an Coimisiún (Eurostat) staidreamh bunaithe ar shonraí atá sonraithe in Iarscríbhinní A, C, E, F, G agus L.

(5) Cuirtear mír 3 agus mír 4 le hAirteagal 8:

‘3. Chun críocha an Rialacháin seo, is iad na critéir cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 na critéir cháilíochta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na sonraí atá le tarchur.

4. Trí bhíthin ghníomhartha cur chun feidhme, sonrúidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe, an struchtúr, agus na heilimintí tréimhsiúlachta agus inchompráideachta i gcomhair na dtuarascálacha cáilíochta caighdeánacha. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11.’

(6) Scriostar Airteagal 9

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Déanfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4(5) a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ón [*Publications office: please insert the exact date of the entry into force of the amending Regulation*].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligeán cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4(5) a chúlghairm am ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh

in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin méid sin go comhuaineach.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(2) agus Airteagal 4(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid déanta ina choinne ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó, más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

‘Airteagal 11

Coiste

1. Beidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach, de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

(9) Scriostar Airteagal 12.

(10) Scriostar Iarscríbhinní B, D, H agus I.

(11) Déantar an méid atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur in ionad Iarscríbhinn C.

(12) Cuirtear Iarscríbhinn L isteach de réir a bhfuil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN

'Iarscríbhinn C'

STADREAMH BLIANTÚIL MAIDIR LE hIOMPAR PAISINÉIRÍ – TUAIRISCIÚ MIONSONRAITHE	
Liosta athróg agus aonad tomhais	Iompar paisinéirí de réir: – líon na bpaisinéirí – paisinéir-km Gluaiseachtaí traenacha paisinéirí de réir: – traein-km
Tréimhse thagartha	Bliain
Minicíocht	Gach bliain
Liosta táblaí agus an briseadh síos do gach tábla	Tábla C3: paisinéirí arna n-iompar, de réir an chineáil iompair Tábla C4: paisinéirí idirnáisiúnta arna n-iompar, de réir tíre bordála agus de réir tíre díbhordála Tábla C5: gluaiseachtaí traenacha paisinéirí
An spriocdháta do tharchur sonraí	8 mí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha.
An chéad tréimhse thagartha	2012
Nótaí	1. Briseadh síos ar an gcineál iompair mar a leanas: – náisiúnta – idirnáisiúnta 2. Maidir le Tábla C3 agus Tábla C4, déanfaidh na Ballstáit sonraí a thuairisciú lena n-áirítear faisnéis i dtaca le díolacháin ticéad lasmuigh den tír thuairiscithe Féadfar an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó údarás náisiúnta na dtíortha eile nó trí shocruithe idirnáisiúnta maidir le praghas na dticéad a chúiteamh.

'Iarscríbhinn L'

Tábla L.1

LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA IOMPAIR I dTACA LE hIOMPAR EARRAÍ	
Liosta athróg agus aonad tomhais	Iompar earraí de réir: - iomlán tonaí - iomlán tonaí-km Gluaiseachtaí traenacha earraí de réir: - iomlán km-traenach
Tréimhse thagartha	Aon bhliain amháin
Minicíocht	Gach bliain
An spriocdháta do tharchur sonraí	5 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha.
An chéad tréimhse thagartha	201X
Nótaí	Do na gnóthais sin amháin a bhfuil méid iomlán iompair lasta faoi bhun 200 milliún tona-km agus faoi bhun 500 000 tona acu agus gan a bheith ag tuairisciú de réir Iarscríbhinn A (tuairisciú mionsonraithe)

Tábla L.2

LEIBHÉAL GNÍOMHAÍOCHTA IOMPAIR I dTACA LE hIOMPAR PAISINÉIRÍ	
Liosta athróg agus aonad tomhais	Iompar paisinéirí de réir: - líon iomlán paisinéirí - iomlán paisinéirí-km Gluaiseachtaí traenacha paisinéirí de réir: - iomlán km-traenach
Tréimhse thagartha	Aon bhliain amháin
Minicíocht	Gach bliain
An spriocdháta do tharchur sonraí	8 mí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha.
An chéad tréimhse thagartha	201X
Nótaí	Do na gnóthais sin amháin a bhfuil méid iomlán iompair paisinéirí faoi

	bhun 100 milliún paisinéir-km acu agus gan a bheith ag tuairisciú de réir Iarscríbhinn C (tuairisciú mionsonraithe)
--	---